An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta
Miontuairiscí
Dé Máirt 19 Aibreán 2016

Tionóladh cruinniú den Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta in Institiúid Oideachais Marino ar 11am ar an Máirt 19 Aibreán 2016.

I láthair: Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach), Yvonne Ní Mhurchú (Leas-chathaoirleach), Cathnia Ó Muircheartaigh, Deirbhile Nic Craith, Seán Mac Nia, Marina Ní Threasaigh, Dairíona Nic Con Iomaire, Elaine Ní Neachtain, Robbie Cronin, Sinéad Nic Giolla Cionnaigh.
Ag freastal: Dáithí Ó Maolchoille (cuntasóir COGG), Muireann Ní Mhóráin (Príomhfheidhmeannach), Cathy Ní Chianaigh (Oifigeach Feidhmiúcháin)
Leithscéalta: Aindrias Ó Muimhneacháin, Séamus Ó Fearraigh.

Clár	Cur síos	Gníomh
1. Cuntais 2015	Cuireadh cuntais 2015 faoi bhráid an bhoird. Faomhadh na cuntais agus ceapachán an iniúchóra agus tugadh cead don Chathaoirleach agus don leas-Chathaoirleach na cáipéisí a shíniú.	
2. Coimhlint Leasa	Dhearbhaigh baill an bhoird nach raibh aon ábhar ina choimhlint leasa d'aon duine ar an gclár.	
3. Miontuairiscí 25 Feabhra 2016	Glacadh le miontuairiscí 25 Feabhra 2016 agus tugadh cead don Chathaoirleach iad a shíniú.	
4. Nithe ag éirí astu nach bhfuil ar an gclár	'*I nGrá Dé*' Tuairiscíodh go mbeidh leabhair ranganna na naíonán ar fáil don scoilbhliain nua agus go bhfuil na scéalta agus ábhar an tsuímh á n-aistriú. Pléadh na hamhráin agus leabhar an mhúinteora.	Tá an scéal le plé le Veritas**.**
5. Tuairisc an Chathaoirligh	**Cúrsaí fostaíochta** Pléadh fostú na n-oifigeach bunscoile agus iar-bhunscoile.	
6. Tuairisc Airgeadais	Tuairiscíodh go raibh an chéad sciar eile de bhuiséad COGG faighte ón Roinn	

	Oideachais & Scileanna.	
7. Tuairisc an Phríomh-fheidhmeannaigh	**Spás oifige** Bhí an Príomhfheidhmeannach ar cuairt ar Scoil Chaoimhín i Sráid Mhaoilbhríde agus pléadh spás oifige do COGG. Is gá breis eolais a fháil faoin spás atá ar fáil agus faid an léasa. **Buiséad 2016** Iarradh airgead breise ar an Roinn Oideachais don bhliain reatha. Tá buiséad COGG le plé le hOifigigh na Roinne Oideachais. **Gráid na hArdteiste** Rinne an tÚdarás um Ardoideachas cinneadh go nglacfaí le grád H5 (50-60%) mar bhunghrád iontrála in 2017 do na Coláistí Oideachais in áit C3 (55%-60%). Ardaíodh ceist faoin ngrád íseal seo. Tuairiscíodh go bhfuil moltaí ón ESRI, bunaithe ar chomhairliúchán na Comhairle Mhúinteoireachta, curtha faoi bhráid na Roinne Oideachais mar a bhaineann, i measc rudaí eile, le gráid riachtanacha sa Ghaeilge, sa Bhéarla agus sa Mhata. Moladh cruinniú a lorg leis an bPríomhchigire chun na hábhair sin a phlé. **Cúrsa Gaeilge** Pléadh na tairiscintí a fuarthas le cúrsa Gaeilge 2016 a reáchtáil agus cinneadh an conradh a thairiscint do Gael Linn. **Comhchomhdháil** Pléadh an fhéidearthacht comhchomhdháil a eagrú idir COGG agus Gaelscoileanna Teo. Luadh dátaí sealadacha i Mí na Samhna don chomhchomhdháil. Pléadh ábhar na comhdhála agus moladh • Tumoideachas • An Curaclam Teanga • Na hAonaid Ghaeilge in iar-bhunscoileanna • Leanúnachas tríd an gcóras	Pléifear an scéal le ball de Bhord Bainistíochta na scoile. An Príomhfheidhmeannach chun ainm teagmhálaí OPW a fháil, maidir le liosta spás oifige atá ar fáil. An príomhfheidhmeannach chun scríobh chuig an bPríomhchigire ag lorg cruinnithe. Socraithe le déanamh le Gael Linn maidir leis an Dianchúrsa.

	oideachais lán-Ghaeilge mar phacáiste iomlán Tuairiscíodh go bhfuil fo-choiste ag Gaelscoileanna don chomhdháil agus moladh ionadaithe ó COGG a bheith páirteach ann. **Tuairisc 2015** Cuireadh Tuairisc 2015 faoi bhráid an bhoird. Iarradh go seolfaí aon leasuithe chuig an bPríomhfheidhmeannach laistigh de chúpla lá. De bharr go mbaineann an tuairisc le dhá bhord éagsúla, moladh go seolfaí é chuig gach ball den iar-bhord lena chinntiú go bhfuil siad sásta leis. **Clár teagaisc don Ghaeilge i scoileanna T2** Tá gá tús a chur leis gan mhoill. Lorgaíodh léirithe spéise d'fhorbairt an chláir agus fuarthas iad. **Treoirlínte NEPS don litearthacht** Níl tagairt do scoileanna lán-Ghaeilge nó Gaeltachta sa cháipéis nua ag NEPS agus moladh gur ghá é a leasú le bheith in oiriúint do na scoileanna sin. Beidh costais éagsúla ag baint leis - taighde, scannánaíocht, eagarthóireacht etc. thart ar €12,500, agus faomhadh an caiteachas seo i bprionsabal. Moladh fiosrúchan a dhéanamh le CNCM maidir le físeáin bheaga a chur ar fáil don litearthacht. Ardaíodh ceist faoi *Book Sharing Initiative* sa scéim litearthachta agus an mbeadh sé ar fáil in sna scoileanna DEIS Gaeltachta & lán-Ghaeilge? **Eolaíocht na Sraithe Sóisearaí** Fuarthas tairiscint amháin le leabhar eolaíochta a sholáthar.	Aon leasuithe a chur in iúl don bPríomhfheidhmeannach An tuairisc le seoladh chuig baill an iar-bhoird. Ceadaíodh an caiteachas seo. Fiosrúchan le déanamh le Príomhfheidhmeannach CNCM maidir le nasc le físeáin an Churaclaim Teanga. Le plé leis an taighdeoir Socrú le déanamh leis an gcomhlacht 2 aonad a aistriú - téacs ar líne agus leabhar saothair a chur i gcló.

		Teagmháil le déanamh le CNCM ag lorg comhairle maidir le háiseanna teagaisc don eolaíocht. Cead le lorg ón gComhlacht *Collins* an leagan Gaeilge den leabhar Eolaíochta atá acu a chur ar fáil ar ár suíomh idirlíne
8. Tuairisc CNCM	Thug Oifigeach Oideachais CNCM tuairisc don bhord. **Bunleibhéal** Tá an comhairliúchán faoi Reiligiún, Creidimh agus Eiticí thart anois. Fuarthas 2,252 iarratas ina n-iomlán. Beidh tuarascáil ar fáil ar shuíomh CNCM. Tuairiscíodh go bhfuil an Curaclam Teanga do ranganna na naíonán go rang a dó ar fáil. Tá obair ar bun ar an gCuraclam Teanga do rang 3- 6. Moladh go mbeadh COGG páirteach san obair seo agus go dtabharfadh sí comhairle don CNCM. Moladh grúpa oibre bunscoile ó bhord COGG a tabhairt le chéile tar éis an chéad cruinniú boird eile chun an scéal a phlé. **Dara leibhéal** Ar shuíomh CNCM tá an comhairliúchán ar oscailt anois ar an dréacht-sonraíocht don Ealaín. Tá an comhairliúchán ar siúl freisin ar an dréacht-sonraíocht do Nuatheangacha Iasachta na Sraithe Sóisearaí. Tá an comhairliúchán ar bun anois faoi thuairisciú sa tSraith Shóisearach. Níl aon fhreagraí trí Ghaeilge faighte go fóill ach beidh ionadaí CNCM ag cur feachtais ar bun ar na meáin shóisialta. Tá na suirbhéanna ar fáil go dátheangach. Bíonn grúpa fócais trí mheán na Gaeilge ar fáil ag gach cruinniú comhairliúcháin anois chun freastal ar riachtanais na múinteoirí i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge.	Cruinniú le heagrú le grúpa oibre bunscoile leis an gCuraclam Teanga a phlé.

	An Ghaeilge Tá a lán dul chun cinn déanta ag an meitheal fhorbartha ar an dá shonrúchán nua don Ghaeilge. Beidh siad le plé ag an gcéad chruinniú eile. Pléadh an taighde atá ar bun faoi thionchar na n-athruithe ar shiollabas Gaeilge na hArdteiste. Tuairiscíodh go bhfuil an taighde fós ar bun agus go mbeidh sé foilsithe roimh dheireadh na bliana. **An Ghaeilge sa tSraith Shinsearach** Tá sé mar sprioc ar phlean oibre CNCM athbhreithniú a dhéanamh ar an nGaeilge ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí.	Ionadaí CNCM leis an scéal a fhiosrú.
9. Scéimeanna maoinithe 2016	Tá próiseas scéim mhaoinithe na n-áiseanna teagaisc ar bun agus painéal neamhspleách ag déanamh measúnú ar na hiarratais. Pléadh Scéim Mhaoinithe na Sparánachtaí Taighde ag an gcruinniú. Faomhadh ceithre sparánacht. I gcomhthéacs iarratas amháin, braitheadh go mb'fhéidir go raibh taighde déanta le déanaí ar an ábhar céanna (DEIS) agus i gcás eile moladh go dtabharfaí faoin taighde ar bhonn uile-oileánda.	Cuirfear tuairisc ar na sparánachtaí taighde ar fáil don bhord. Cuireadh le tabhairt do bheirt iarrathóir cur i láthair a dhéanamh ag an gcruinniú boird i Mí an Mheithimh.
13. Aon ghnó eile	Beidh an chéad chruinniú eile ar siúl Dé Máirt 14 Meitheamh 2016 ag 11am in Institiúid Oideachais Marino. Ardaíodh ceist faoin scéim ghrádúcháin nua atá ar fáil i mBéarla amháin (H agus O) agus faoi na bandaí nua 10% De bharr a thoghadh mar TD, ní bheidh Aindrias Ó Muimhneacháin ina bhall de bhord COGG agus beidh ionadaí (tuismitheoir le páiste i scoil Ghaeltachta) le hainmniú ag Údarás na Gaeltachta	An cheist le cur faoi bhráid an HEA agus an CSS.

Síniú an Chathaoirligh: _____

Dónal Ó hAiniféin (Cathaoirleach)

Dáta: _____